

Ráiteas tosaigh le Clare Loftus, an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí

Comhdháil Bhliantúil na nIonchúisitheoirí Náisiúnta

3 Samhain 2018

A Ard-Aighne, a bhreithiúna, a bhaill den Gharda Síochána, a ionchúisitheoirí agus a dhaoine uaisle. Is cúis mhór áthais dom fáilte a chur romhaibh chuig 19ú Comhdháil Bhliantúil na nIonchúisitheoirí Náisiúnta. Mar is gnáth, tá roinnt aoi-chainteoirí spéisiúla againn le labhairt faoi raon ábhar inniu agus labhróidh mé go hachomair ar chuid de na téamaí a phléifear.

Ar dtús, áfach, ba mhaith liom bás brónach anabáí Marie Torrens B.L. le déanaí a thabhairt faoi deara. Bhí a sochraid ar siúl níba luaithe ar maidin. Bhí Marie ina hionchúisitheoir ó 1995 agus rinne sí seirbhís phoiblí an-tiomanta thar ceann an ionchúisimh i go leor cásanna thar 23 bliana. Bhí aithne phearsanta agam ar Marie ó bhuaileamar le chéile ar an dá thaobh de chásanna sna 1990í agus ba phléisiúr í gcónaí domsa bheith ag déileáil léi. Ar ndóigh, bhí an-mheas uirthi ag na comhghleacaithe dá cuid ina n-iomláine sa Leabharlann Dlí agus ag mo bhaill foirne féin a rinne í a threorú. Tá a fhios agam, mar gheall ar a sinsearachta ag an mbarra coiriúil, go raibh sí ina meantóir flaithiúil ar a raibh an-mheas, go háirithe maidir leis na comhghleacaithe níos sóisearaí dá cuid. Tá mé cinnte go n-aontaíonn gach duine anseo liom go gcrónófar go mór í. Ar son gach duine anseo ba mhaith liom ár gcomhbhrón a dhéanamh lena teaghlach ar ócáid a báis anabáí. Suaimhneas síoraí dá hanam.

Sula dtosóidh mé ag labhairt faoi théamaí na comhdhála ba mhaith liom an deis seo a ghlacadh chun tagairt a dhéanamh do thuarascáil an Choimisiúin um Thodhchaí na Póilíneachta a foilsíodh i Meán Fómhair. Bhí go leor moltaí sa tuarascáil sin agus bhain ceann amháin acu le heagrúchán an chórais ionchúisimh in Éirinn. I gCaibidil 7 (mír 6) molann an Coimisiún gur cheart deireadh a chur “leis an gcleachtas de phóilíní ag ionchúiseamh cásanna sa chúirt”.

Mar is eol daoibh, faoi láthair ionchúisíonn an Garda Síochána beagnach gach cás sa Chúirt Dúiche lasmuigh de Bhaile Átha Cliath, agus ionchúisíonn sé tromlach ollmhór na gcásanna sa Chúirt Dúiche i mBaile Átha Cliath. Déantar timpeall ar 220,000 toghairm na cúirte dúiche a ionchúiseamh gach bliain ar fud an Stáit. Pléann m’oifig féin le beagnach 14,000 de na cásanna coiriúla is tromchúisí, ag tabhairt treorach maidir le coireacht indíotáilte uile agus ag bainistiú ionchúiseamh agus achomharc arna bplé sna cúirteanna uile os cionn na Cúirte Dúiche. Dá bhrí sin bíonn an córas ionchúisimh ag brath go mór ar obair an Gharda Síochána chun coireacht a ionchúiseamh i ngach Cúirt Dúiche ar fud an Stáit.

Sa bhreis air sin, molann an Coimisiún “gur cheart cinntí ionchúisimh uile a bhaint ó na póilíní agus iad a thabhairt d’Aturnae Stáit nó do Sheirbhís Ionchúisimh Náisiúnta agus an ról ina leith a fhairsingiú”. Faoi láthair, is iad na Gardaí ag céim Cigire nó Ceannfoirt a dhéanann cuid mhór de na cinntí ionchúisimh maidir le cúrsaí mionchúiseacha de bhun tarmligin uaimse faoi alt 8 den Acht um an nGarda Síochána 2005.

Tá an córas atá againn faoi láthair ina thoradh ar scrúdú críochnúil ar an gcóras ionchúisimh sa tír seo 20 bliain ó shin a rinne grúpa oibre agus Dermot Nally, iar-rúnaí leis an Rialtas, ina chathaoirleach air. Ag an am sin, san áireamh lena breithnithe fairsinge bhí comhairliúcháin leis na gníomhaireachtaí ábhartha uile agus taighde ar chórais ionchúisimh eile thar lear. Leis an tuarascáil

a bhí ina toradh air, léiríodh na castachtaí agus na hacmhainní a bheadh i gceist le haon athrú ar an gcóras.

Ba cheart dom a rá go soiléir go bhfuil sé tráthúil anois 20 bliain tar éis na tuarascála de chuid Nally go bhfuil na saincheistanna ar a ndearnadh breithniú go mion léi anois ina n-ábhar de bhreithmheas breise. Dá mbeadh fonn ar an Rialtas, áfach, an moladh sin a chur chun feidhme, ina iomláine nó i bpáirt, bheadh atheagrú ollmhór na seirbhíse ionchúisimh ina thoradh air sin. Dá bhrí sin, tá sé de dhualgas orainn go léir chun a áirithiú go bhfuil sé bunaithe ar bhreithniú tromchúiseach cosúil ar na himpleachtaí, ar na costais agus ar na tairbhí a d'fhéadfadh sé a chruthú, bunaithe ar scrúdú cúramach ar dhea-chleachtas idirnáisiúnta i ndlínsí inchomparáide.

I measc na n-athruithe eile laistigh den chóras dlí choiriúil a pléadh le déanaí tá Tuarascáil an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí maidir le Cumhachtaí Rialála agus Coireanna Corparáideacha a foilsíodh an tseachtain seo caite. Is tuarascáil an-mhór agus fhairsing an tuarascáil sin, an ceann is mó a rinne an Coimisiún riamh creidim, agus tá go leor moltaí inti.

Is tuarascáil thráthúil í arna fhoilsiú sa bhliain chéanna inar gcuireadh deireadh leis na hionchúisimh a bhí ina dtoradh ar an ngéarchéim baincéireachta. Beidh Sinéad McGrath B.L. ag labhairt níos déanaí faoi chuid de na saincheistanna dlíthiúla a d'eascair sna trialacha 'ó cheann go ceann' mar a tugadh orthu in 2016 agus 2018. Tá an-áthas orm gur aontaigh Sinéad chun labhairt faoi na castachtaí a bhaineann le fianaise dhoiciméadach agus fianaise eile a chur faoi bhráid na cúirte sna trialacha sin. Creidim gur deis é sin dúinn an taithí atá gnóthaithe againn sna trialacha bóna bháin móra sin a chomhroinnt lenár gcomhghleacaithe uile, go háirithe nuair is eol dúinn go bhfuil inghlacthacht agus saincheistanna eile mar sin a bhaineann le fianaise dhoiciméadach fhairsing a chur faoi bhráid na cúirte infheidhme go cothrom i dtrialacha eile nach bhfuil chomh casta, agus go mbeidh siad níos coitianta sna blianta atá le teacht. Labhraíonn Sinéad faoin 'log mianach' doiciméadach a loingsiú ach sílim go ndéanfaidh sí an réimse sin a shoiléiriú lena láithreoireacht.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don obair shármhaith a rinne foireann bheag le hocht mbliana anois, foireann lena gcuimsítear baill foirne ó m'Oifig féin agus abhcóidí sóisearacha agus sinsearacha. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leo as a gcuid iarrachtaí i ngach aon chás.

Ligfidh Sinéad i bhfios daoibh faoi raon feidhme an chúraim atá i gceist le déileáil leis na cásanna baincéireachta sin. Mhair na trialacha níos faide ná riamh agus bhí siad thar a bheith fadtréimhseach, i mo bharúil féin, mar gheall ar an bhfíoras nach raibh nós imeachta réamhthrialach reachtach ann. Labhair mé faoi sin ar roinnt ócáidí. Ar ndóigh, ag mo chéad chomhdháil mar Stiúrthóir, in 2012, ba é sin an t-aon mhian a bhí agam don Chóras Dlí Choiriúil le linn mo thionachta. Mian shaolta ach mian shuntasach a bhí sa mhian sin atá fós agam anois, ach tá mé ag tnúth go mbainfear amach i. Mar a thug mé faoi deara ag an gcomhdháil anuraidh, tá dréacht-fhoráil san áireamh leis an mBille um Nós Imeachta Coiriúil 2015, agus tugaim faoi deara go bhfuil sí anois ar liosta tosaíochta na reachtaíochta do théarma reatha na Dála. Creidim nach bhfuil áibhéil á déanamh agam le rá go bhfuil gá le foráil réamhthrialach éifeachtach go práinneach anois, ní amháin maidir le cásanna coiriúla bóna bháin ach do raon leathan de choireanna coiriúla eile freisin agus cionta gnéasacha san áireamh leo ina mbíonn argóintí dlíthiúla fadtréimhseacha normálta.

Sa tuarascáil dá chuid le déanaí, sa chomhthéacs de ghníomhaireacht imscrúdaithe reachtach nua a mholadh chun déileáil le coireanna corparáideacha, mhol an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí freisin

gur cheart aonad tiomanta a bhunú i m'óifig chun oibriú i ndlúthchomhar le gníomhaireacht nua dá leithéid.

Ar ndóigh, tá aonad ann cheana féin i m'óifig (faoi cheannas Henry Matthews) a bunaíodh ar dtús in 2011 chun déileáil le cásanna baincéireachta. Ó lár 2016 bhí an t-aonad sin ag déileáil freisin le roinnt cásanna móra eile a bhaineann le coireacht airgeadais lena n-áirítear roinnt cásanna coireanna corparáideacha, arna n-imscrúdú ar dtús ag GNECB agus ODCE.

Tugaim am moladh ón gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí faoi deara, áfach, go mbeadh acmhainní cearta ag an aonad inár nÓifig a idirghníomhaíonn leis an ngníomhaireacht nua. Tá gach aon dealramh ann go ndéanfadh aon ghníomhaireacht nua, ag a bhfuil cur chuige ildisciplíneach maidir le coireacht chorparáideach, níos mó cásanna a imscrúdú agus a chur i láthair mar thoradh air sin. Dá bhrí sin, bheadh acmhainní breise de dhíth orainn chun riachtanais na gcásanna sin a chomhlíonadh a d'fhéadfadh a bheith casta agus toirtiúil.

Gan dabht tá méadú infheicthe ar mhéid an ábhair a eascraíonn go ginearálta i gcásanna coiriúla. Faoi láthair feictear sin go géar sa réimse a bhaineann le coireacht airgeadais, mar a léireoidh Sinéad. Thar raon iomlán na gcionta coiriúla ó chuireanna ghnéasacha go pornagrafaíocht leanaí agus ó chionta drugaí go robáil, bíonn fianaise dhigiteach agus foirmeacha fianaise eile le feiceáil níos mó. Mar ionchúisitheoirí bímid ag déileáil le méideanna ollmhóra sonraí a eascraíonn as úsáid fhorleathan ceamaraí TCI, taifead teileafóin agus fianaise leictreonaí lena n-áirítear ríomhphoist agus teachtaireachtaí agus postálacha na meán sóisialta. Cruthaítear dúshláin ar leith leis sin i dtéarmaí fianaise a chur i láthair agus ábhar ábhartha nach n-úsáidtear a nochtadh.

Agus fianaise á bailiú, mar shampla ó láithreáin ghréasáin na meán sóisialta, bíonn saincheisteanna dlínse i gceist agus dá bhrí sin tá an-áthas orm fáilte a chur roimh Bertrand de La Chapelle a labhróidh linn faoi chuid de na saincheisteanna sin. Seo réimse atá ag dul i méid d'ionchúisitheoirí ar fud an domhain agus go háirithe i m'óifig féin, mar shampla, agus méid na n-iarratas um chúnamh dlíthiúil frithpháirteach ag méadú go suntasach, i bpáirt mar gheall ar an riachtanas fianaise leictreonach a aimsiú ó láithreáin ghréasáin na meán sóisialta thar lear. Tá mé ag súil lena bhfuil le rá aige a chluinstin.

Beimid ag éisteacht freisin le hArd-Cheannfort Declan Daly ón nGarda Síochána a labhróidh linn maidir le pleananna todhcháíocha an Gharda Síochána i dtaca le cionta gnéasacha a imscrúdú. Tá mé feasach gur bunaíodh roinnt aonad um sheirbhísí cosanta mar threoirscéim cheana féin agus tá mé ag tnúth le níos mó a chluinstin maidir leis an gcur chuige atá réamh-mheasta ag an nGarda Síochána i leith na n-imscrúduithe sin sa todhcháí.

Bliain amháin tar éis achtú an Achta um Íospartaigh na Coireachta in Éirinn tá sé ríthábhachtach go ndéanaimid fócas an-láidir a choimeád ar íospartaigh laistigh de chóras iomlán an cheartais choiriúil, ó imscrúdú go críochnú a gcáis. Táthar ag súil go mbainfear úsáid iomlán as na bearta speisialta a tugadh isteach leis an Acht, agus cuid acu ag cur le bearta a bhí ann cheana féin, i gcásanna iomchuí chun an strus ar íospartaigh aonair a laghdú. Tiocfaimid ar ais chuig an ábhar um dhéileáil le híospartaigh agus béim ar leith ar na seirbhísí a sholáthraímid mar ionchúisitheoirí.

Tá an-áthas orm fáilte a chur roimh an Dr Martina McBride as Eolaíocht Fhóirínseach Éireann. Tá teideal a cainte 'Na rianta is lú leanúint' an-suimiúil agus tabharfaidh sí léargas dúinn ar an

bhfianaise an-láidir ar féidir í a bhailiú ó mharcanna. I ré ina bhfuil ceannas ag fianaise AND ta sé ríthábhachtach go gcoinnimid mar ionchúisitheoirí agus imscrúdaitheoirí cuimhne ar dhuail uile eile na fianaise fóiréinsí a d'fhéadfadh a bheith fíorthábhachtach chun taca a chur faoi ionchúiseamh.

Gabhaim buíochas lenár n-aoi-chainteoirí uile as a gcuid ama a thabhairt chun páipéir a ullmhú agus a chur faoinár mbráid inniu.

Sula gcríochnóidh mé ba mhaith liom dhá athrú a lua i measc líon na nAturnaetha Stáit. Déanaim comhghairdeas do John Hughes, iar-Atur na Stáit do Chontae Uíbh Fhailí, a ardaíodh le déanaí chuig binse na Cúirte Dúiche. Bhí John ina Atur na Stáit le haghaidh sé bliana agus gabhaim buíochas leis as a chuid seirbhíse proifisiúnta agus guím gach rath air ina ghairmréim ar an mbinse.

Sa dara dul síos, ba mhaith liom Vincent O'Reilly a lua a bheidh ag dul ar scor i mí Eanáir seo chugainn tar éis 36 bliana de sheirbhís mar Atur na Stáit do Chontae na Mí. Ós rud é gur seo an chomhdháil dheireanach dó ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis as an tseirbhís shármhaith a sholáthair sé thar na blianta fada. Is contae thar a bheith gnóthach Contae na Mí anois agus phléigh Vincent leis na hathruithe agus éilimh uile le haoibh mhaith agus an-phroifisiúntacht.

Ba mhaith liom fáilte a chur roimh na habhcóidí nua éagsúla freisin a bhfuil an chomhdháil seo ina céad chomhdháil daoibh agus iad curtha lenár bpainéil le linn na bliana.

Faoi dheireadh, mar is gnáth, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le gach duine agaibh – foireann na hOifige, na hAturnaetha Stáit uile dár gcuid agus na habhcóidí neamhspleácha uile a ionadaíonn an t-ionchúiseamh – as bhur dtiomantas gan staonadh agus as bhur gcuid oibre déine. Tá buíochas tuillte daoibh go háirithe as bhur gcomhoibriú i mbliana maidir le hoiriúnú don chóras nua um chosaint sonraí. Tá mé thar a bheith buíoch de na hionchúisitheoirí uile sin a d'oiriúnaigh thar roinnt blianta anuas do na hathruithe uile atá anois ina gcuid dhosheachanta de choireacht a ionchúiseamh sa tír seo. Soláthraíonn sibh uile seirbhís thar a bheith proifisiúnta in imthosca deacra agus práinneacha go minic.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis na páirtithe leasmhara eile i gcóras an dlí choiriúil a bhfuil cuid mhaith acu anseo inniu as bhur dtacaíocht agus comhoibriú leantach.

Go raibh agaibh as bhur n-aird agus tá súil agam go mbainfidh sibh sult as an gcomhdháil.